



# Comhairle Chontae Dhún na nGall

## FOIRM IARRATAIS AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN AN tACHT UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA, 1990 IARRATAS AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

Tá iarratas á dhéanamh leis seo faoi Chuid III de na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997, ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin maidir leis na hoibreacha nó leis an fhoirgneamh lena mbaineann na pleananna, ríomhaireachtaí agus sonraíochtaí atá istigh leis seo.

### DON OIFIG AMHÁIN

Dátá faighte: \_\_\_\_\_

Uimh Thag: \_\_\_\_\_

Dátá curtha  
ar an chlár: \_\_\_\_\_

### 1. IARRATASÓIR

Úinéir / Léas-Sealbhóir (scríos amach mar is cuí)

AINM IOMLÁN \_\_\_\_\_

SEOLADH: \_\_\_\_\_

SÍNIÚ: \_\_\_\_\_

UIMHIR GHUTHÁIN: \_\_\_\_\_ DÁTA: \_\_\_\_\_

Úinéir na n-oibreacha nó an fhoirgnimh (murab ionann thuas): \_\_\_\_\_

TAGAIRT PHLEANÁLA: \_\_\_\_\_

### 2. Ainm agus seoladh an duine/daoine nó na gnólachta(i) ar chóir dúinn fógraí a chur chucu (Úinéir/Léas-Sealbhóir nó Dearthóir/Forbróir/Tógálaí)

---

---

---

### 3. Ainm agus seoladh an duine/daoine nó na gnólachta(i) atá freagrach as na pleananna, ríomhaireachtaí agus sonraíochtaí leis seo a ullmhú.

---

---

---

### 4. Seoladh (nó aitheantas riachtanach eile) na n-oibreacha nó an fhoirgnimh atá beartaithe lena mbaineann an t-iarratas.

---

---

---

**5. Nádúr na n-oibreacha nó an fhoirgnimh atá beartaithe**

(a) Rangú (cuir tic mar is cuí)

Foirgneamh úr a thógáil

Athrú ábhartha

Athrú úsáide ábhartha

Foirgneamh a mhéadú

(b) Cur síos gairid

---

---

**6. Úsáid na n-oibreacha nó an fhoirgnimh atá beartaithe**

(a) An úsáid reatha (má tá athrú beartaithe): \_\_\_\_\_

(b) Úsáid úr: \_\_\_\_\_

**7. I gcás**

(a) Oibreacha a chuimsíonn tógáil foirgnimh, nó foirgneamh a bhfuil a úsáid ábhartha á athrú –

Achar an tsuímh \_\_\_\_\_ (m<sup>2</sup>)

Líon na n-urlár íoslaigh \_\_\_\_\_

Líon na n-urlár os cionn leibhéal na talún \_\_\_\_\_

Airde an urláir mhullaigh os cionn leibhéal na talún \_\_\_\_\_ (m)

Achar urláir an fhoirgnimh \_\_\_\_\_ (m<sup>2</sup>)

Achar iomlán an bhunurláir \_\_\_\_\_ (m<sup>2</sup>)

(b) Oibreacha a bhaineann le méadú nó athrú ábhartha ar fhoirgneamh –

Achar urláir an mhéadaithe \_\_\_\_\_ (m<sup>2</sup>)

Achar urláir an athraithe ábhartha \_\_\_\_\_ (m<sup>2</sup>)

**8. Méid na táille** (féach leathanach deireanach) € \_\_\_\_\_

**Ba chóir na nótaí seo a leanas a léamh agus an fhoirm iarratais líonta a sheoladh chuig:**

Comhairle Chontae Dhún na nGall, Stáisiún Dóiteáin, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.

## RIALACHÁIN UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

### TREOIR MAIDIR LE IARRATAS A DHÉANAMH AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

#### 1. GINEARÁLTA

Iarrtar in Alt 13 de na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 1997 go gcuirfear dhá chóip de na nithe seo a leanas le hiarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin:-

- **Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin**
- **Plean Leagan Amach**
- **Pleananna Urláir**
- **Inghéarchlóanna agus gearrthacha**
- **Doiciméad Comhlíonta (ag taispeáint go bhfuiltear ag déanamh de réir TREOIR-DHOICIMÉAD TEICNIÚIL B – Codanna B1-B5)**

agus sonraí eile atá riachtanach:

- (a) leis an fhoirgneamh/na hoibreacha lena mbaineann an t-iarratas a aithint agus cur síos a dhéanamh air
- (b) lena thaispeáint go gcomhlíonfaidh an foirgneamh / na hoibreacha le riachtanais Cuid B (Codanna 1-5) den Chéad Sceideal de na Rialacháin Foirgníochta.

Beidh éagsúlachtaí ó chás go chéile, ag brath ar chineál, mhéid, agus chastacht an fhoirgnimh atá i gceist, maidir le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta a chruthú ó na pleananna agus ón doiciméad comhlíonta, ach is féidir an t-eolas i gCuid 2 agus 3 thíos a úsáid mar threoir. Más iomchuí, ba chóir na pleananna agus an t-eolas ar fad atá liostáilte thíos a chur ar fáil.

#### 2. PLEANANNA AGUS LÉARSCÁILEANNA

Ba chóir dhá chóip díobh seo a chur isteach agus, nuair is cuí, na nithe seo a leanas a sheoladh leo

- (a) *Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin*: an suíomh a thaispeáint go soiléir de réir scála 1:1000 nó 1:2500. Tá 6" S.O. inghlactha chomh maith.
- (b) *Plean Leagan Amach*: de réir scála gan níos lú ná 1:500, agus ba chóir go dtaispeánfaí
  - **Teorainneacha aon talaimh a bhaineann leis an fhoirgneamh/na hoibreacha,**
  - **Gach bóthar, agus na leithid taobh istigh de na teorainneacha,**
  - **Suímh na ngeataí nó srianta eile ar leithead na bhfeithiclí ag, nó taobh istigh de, na teorainneacha,**
  - **Suímh droichead, áirsí, cáblaí nó srianta eile lastuas ar airde na bhfeithiclí**
  - **Gach bealach isteach chuig an fhoirgneamh,**
  - **Suíomh agus trastomhas aon phríomhphíopa uisce nó hidraint in aice le nó taobh istigh de na teorainneacha,**
  - **Gach ábhar atá á stóráil**
  - **Suíomh agus cineál gléasanna leithlisithe do sheirbhísí foirgníochta**

- **Suíomh agus trastomhas na bpríomhphíopaí uisce dóiteáin inmheánacha a éiríonn, agus na bpríopaí ionraon cúir, más thagann i gceist,**
- **Suíomh agus cineál na ngléasanna smachtaithe do chórais ghníomhacha smachtaithe dóiteáin, má thagann i gceist.**

(c) Ba chóir go dtaispeánfaí gach sonra, de réir scála chuí, ar an phlean de gach urlár agus ar an ghearradh de gach stór/urlár agus de dhíon an fhoirgnimh, chomh maith le líníochtaí de gach inghearchlío.

- **Gach toise sa chóras méadrach**
- **Gach ábhar a úsáidtear san obair thógála**
- **Tréimhsí dó-obachta atá ag eilimintí an struchtúir agus ag na doirse dó-obachta**
- **An úsáid atá beartaithe do gach seomra/spás agus an t-achar urláir**
- **Deighilt dóiteáin**
- **Coisc ar leathnú dóiteáin agus deataigh sna cuasa**
- **Príomhdhuchtanna seirbhíse**
- **Limistéir ardchontúirte dóiteáin**
- **Suíomh agus cineál trealaimh chomhraicthe dóiteáin**
- **Seaftaí comhraicthe dóiteáin**
- **Soláthar aerála deataigh**
- **Príomh-asraoin inmheánacha dóiteáin**

(d) Ba chóir pointe an tuaiscirt a léiriú ar gach plean lean mbaineann cuid (a) agus (b).

### 3. DOICIMÉAD COMHLÍONTA

(a) Ba chóir ríomhaireachtaí a chur isteach maidir leis na nithe seo a leanas –

#### CUID B1

- **Uaslíon daoine ar dócha a bheith ar gach urlár/spás**
- **Líon agus leithead na mbealaí éalaithe**
- **Córais bhraite dóiteáin agus aláraim**
- **Córais éigeandála soilsithe**
- **Insuiteálacha leictreacha**
- **Córais uathoibríocha mhúchta tine**

#### CUID B2

- **Líneálacha urláir**

#### CUID B3

- **Méid na n-urann dóiteáin**
- **Dó-obacht eilimintí den struchtúr**
- **Soláthar smachtaithe deataigh**
- **Coisc chuais agus bac dóiteáin**

CUID B4

- **Limistéir cheadaithe neamhchosanta i mballaí seachtracha**

CUID B5

- **Soláthar uisce comhraicthe dóiteáin**
- **Soláthar rochtana feithiclí**

Ba chóir tagairt a dhéanamh de na Caighdeáin/Doiciméid Theicniúla a úsáideadh sa chomhlíonadh.

## COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL

### TÁILLE D'IARRATAS AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

#### I.S. 496 de 1997 Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997

Gheofar amach an t-achar trí achar an urláir ar gach urlár den fhoirgneamh a thomhas ar an taobh istigh.

#### CUID A

COLÚN 1	COLÚN 2 MÉID NA TÁILLE
Iarratas ar dhinspeasáid nó ar mhaolú	Tithe €125 Foirgnimh eile €250
Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin	€125, nó €2.90 ar gach méadar cearnach d'ollachar an urláir atá le soláthar, cá bith acu is mó
Achomharc chuig an Bhord	€250
Cóip de dhoiciméad atá sonraithe in Alt 4(3)	€12

#### CUID B

Is é €12,500 an táille is airde a íocfar le hÚdarás Rialaithe Foirgníochta maidir le hiarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin. Is é €125 an táille is ísle a íocfar, agus i gcás ar bith ina dtugann an tÚdarás Rialaithe Dóiteáin airgead ar ais maidir le hiarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin, ní bheidh de thoradh ar an aisíocaíocht go mbeidh táille níos lú ná €125 le híoc.

**NÓTA:** Níor chóir airgead tirim a úsáid leis an íocaíocht thuas a dhéanamh.